C/2024/6313

18.10.2024

Fógra don té a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2024/6313)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid Joseph Nganzo Olikwa TIPI (uimh. 13), duine a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

Tá an Chomhairle ag smaoineamh ar na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne an duine thuasluaite, bunaithe ar ráiteas leasaithe ar chúiseanna. Cuirtear in iúl do Joseph Nganzo Olikwa TIPI, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe lena ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, faoin **25 Deireadh Fómhair 2024**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1.C
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
[2] IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.